



Folúntas Séasúrach – Treoraí Turasóireachta ag Teach Mhuiris

Tá sé i gceist ag **Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair** duine a fhostú ar bhunús séasúrach (**Meitheamh go Meán Fómhair**) le hoibriú mar Threoraí do chuariteoirí ag Teach Mhuiris i mBun na Leaca.

Is teach oidhreachta é Teach Mhuiris atá ina scoth sampla de theach traidisiúnta ceann tuí i gceantar an iarthuaiscirt. Is foirgneamh caomhnaithe é a thugann léargas ar an saol “mar a bhí” ag deireadh an naoú céad déag agus tús an fichiú haois. Bíonn sé foscaite don phobal agus do thurasóirí gach samhradh.

D’fhéadfadh an ról seo a bheith oiriúnach do dhuine atá ag staidéar (nó a bhfuil cáilíochtaí acu cheana) cúrsaí turasóireachta, margáiochta, bainistiú imeachtaí nó i stair, cartlannaíocht, coimeádaí iarsmaí srl , agus atá ag lorg taithí oibre.

Ach ní gá cáilíocht fhoirmeálta a bheith agat más duine fuinniúil, cairdiúil thú a bhfuil suim agat i stair agus/nó turasóireacht agus gur mhaith leat a bheith ag casadh le daoine úr.

Bheadh uaireanta agus coinníollacha oibre le socrú , ach d’fhéadfadh suas le 6 lá sa tseachtain a bheith is gceist roinnt seachtainí, ag bráth ar éileamh.

Riachtanach:

- Os cionn 18 bl d’aois,
- Gaeilge & Béarla líofa agus bheith compordach ag caint le daoine sa dá theanga.
- Cairdiúil, compordach & foighneach ag plé le daoine agus ábalta tú féin a chur i láthair go maith.
- Poncúil,
- Solúbtha agus ábalta oibriú os do stuaim féin,
- Díograiseach.

Seol CV le hiarratas i scríbhinn trí rphost amháin chuig cfgd@crannog.ie roimh an Aoine an 17 Aibreán 2021.

Is féidir fiosrúcháin neamh-fhoirméalta a dhéanamh trí scairt a chuir ar Chathal ag 074-9532208